Údarás na Gaeltachta

2011 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
Annual Report and Accounts

An Clár/Contents

An Ghaeltacht
The Gaeltacht 3

Údarás na Gaeltachta **5**

Ráiteas an Chathaoirligh
Chairman's Statement 13

Athbhreithniú ar 2011
Review of 2011 17

Forbairt Fiontraíochta
Enterprise Development 18

Gníomhaíochtaí Oideachais, Pobail agus Cultúrtha
Education, Community and Cultural Activities 20

Gníomhaíochtaí Gaeilge
Irish Language Activities 24

Eagraíocht agus Seirbhísí
Organisation and Services 25

Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2011
Annual Financial Statements 2011 31

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

Don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. De réir Ailt 18 agus 19 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, tá an tuarascáil agus ráitis airgeadais don bhliain 2011 á dtíolacadh ag Údarás na Gaeltachta.

ANNUAL REPORT 2011

To the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht. In accordance with Sections 18 and 19 of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, the report and financial statements for the year 2011 are being presented by Údarás na Gaeltachta.

An Ghaeltacht
The Gaeltacht



An Ghaeltacht

Tá ceantair fhairsinge Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí agus pobail níos lú i gcontaetha Phort Láirge, Chorcaí agus na Mí. Tá na ceantair Ghaeltachta sainithe ag orduithe Rialtais agus tá sé aitheanta ag rialtas i ndiaidh a chéile go bhfuil gá le bearta, struchtúir agus maoiniú ar leith chun cothabháil na bpobal seo a chinntiú.

Soláthraíonn an Ghaeltacht deis agus dúshlán chun leanúnachas na Gaeilge mar theanga phobail a choinneáil beo go nádúrtha. Soláthraíonn sí timpeallacht do dhaoine ar mian leo an Ghaeilge a bheith ar a dtoil acu agus tá sí mar chuid dílis agus inspioráideach den sprioc náisiúnta sochaí dhátheangach a bhaint amach.

De réir Daonáirimh 2011, is é daonra iomlán na gceantar Gaeltachta ná thart ar 100,000.

The Gaeltacht

The Gaeltacht covers extensive parts of counties Donegal, Mayo, Galway and Kerry and small parts of counties Waterford, Cork and Meath. Although all of the Gaeltacht population speak English, these are the only parts of Ireland where Irish is still spoken as a community language. The Gaeltacht areas are defined by Government orders and every successive government has recognised the need for specific measures, structures and funding to ensure the maintenance of these communities.

The Gaeltacht presents an opportunity and a challenge to maintain naturally the continuity of Irish as a community language. It provides the ideal environment for people who wish to become proficient in Irish and forms an integral and inspirational element of the national objective of achieving a bilingual society in Ireland.

The total population of the Gaeltacht areas in the 2011 Census was approximately 100,000.

Údarás na Gaeltachta

Struchtúr Bainistíochta / *Management Structure*



Údarás na Gaeltachta

Is é Údarás na Gaeltachta, a bunaíodh i 1980, an t-údarás forbartha réigiúnach atá maoinithe ag an Rialtas chun forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn. Tá sé mar mhór-aidhm aige an Ghaeilge a chothú mar theanga phobail an réigiúin. Chun na haidhmeanna sin a chur chun cinn, tacaíonn an tÚdarás le scéimeanna táirgiúla fostaíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha áitiúla, ar scileanna agus ar chumais fhiontraíochta, trí infheistíocht shoghluaiste a mhealladh chun na Gaeltachta agus trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fhorbartha pobail. Cuidíonn sé freisin le réimse leathan de thionscnaimh theanga, chultúrtha agus oideachais atá dírithe ar an nGaeilge a neartú mar phríomh-mheán cumarsáide i ngach earnáil de shaol an phobail.

Tá fiche comhalta ar bhord an Údaráis, seacht nduine dhéag acu tofa go daonlathach ag toghthóirí na Gaeltachta i dtoghcháin a reáchtáiltear tráthanna idir 4 bliana agus 7 mbliana agus 6 mhí óna chéile, agus an triúr eile, an cathaoirleach san áireamh, ceaptha ag an Aire. Ag deireadh na bliana bhí foireann de 95 duine agus gréasán d'oifigí réigiúnacha sna Gaeltachtaí éagsúla aige chun dualgais reachtúla an Údaráis a chur i bhfeidhm. D'fhógair an Rialtas in 2011 go bhfoilseofaí reachtaíocht nua ina ndéanfaí foráil chun an bord seo a laghdú agus chun deireadh a chur leis an riachtanas do thoghcháin díreacha.

Ag deireadh na bliana bhí 6,970 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí a fuair tacaíocht airgeadais ó Údarás na Gaeltachta i réimsí ar nós déantúsaíocht, uisceshaothrú, innealtóireacht, gníomhaíochtaí closamhairc, seirbhísí trádáilte idirnáisiúnta, na heolaíochtaí beatha, turasóireacht, seirbhísí teanga, an geilleagar sóisialta agus acmhainní nádúrtha.

Údarás na Gaeltachta

Established in 1980, Údarás na Gaeltachta is the regional development authority funded by the Government to promote the economic, social and cultural development of the Gaeltacht with the overall objective of maintaining Irish as the main communal language of the region. In furtherance of these aims, An tÚdarás promotes productive schemes of employment through the development of local natural resources, skills and entrepreneurial abilities and the attraction of mobile investment to the Gaeltacht. It also promotes and supports community development initiatives and a wide range of language, cultural and educational schemes aimed at strengthening the place of Irish as the principal means of communication among all sections and sectors of the community.

An tÚdarás has a 20 member board, 17 of whom are democratically elected by the Gaeltacht electorate at elections held at intervals not less than 4 years and not more than 7 years and 6 months, the other three, including the chairperson, being appointed by the Minister. At year end the organisation had a staff of 95 people and a network of regional offices throughout the Gaeltacht to implement its statutory brief. The Government announced in 2011 that new legislation would be published which would provide for a reduction in the size of this board and for an end to the requirement to hold direct elections.

At year end, there were 6,970 people employed in Údarás supported sectors such as manufacturing, aquaculture, engineering, audio-visual activities, internationally traded services, life sciences, tourism, language services, the social economy and natural resources.

Bord an Údaráis/ *The Board of An tÚdarás*

Tinreamh ag 9 gcruinniú Boird *Attendance at 9 Board meetings*	
An Cathaoirleach / Chairman	
Liam Ó Cuinneagáin	9
Comhaltaí an Údaráis dála ag 31/12/2011: *Members of An tÚdarás as at 31/12/2011:*	
Réigiún na Mumhan/*Munster Region*	
Fiachra Ó Céilleachair	6
Breandán Mac Gearailt	8
Séamus Mac Gearailt	6
Micheál Ó Scanaill	9
Réigiún Chonnacht/Laighean/ *Connacht/Leinster Region*	
Ian Mac Aindriú	9
Séamas Breathnach	9
Seán Ó Créabháin	9
Seosamh Ó Cuaig	6
Tadhg Ó Cuinn	8
Connie Ní Fhatharta	4
Cathy Ní Ghoill	7
Val Hanley	6
Treasa Uí Lorcáin	9
Cathal Seoighe	8
Seán Ó Tuairisg	7
Réigiún Dhún na nGall/*Donegal Region*	
Daithí Alcorn	9
Pádraig Ó Dochartaigh	7
Brian Ó Domhnaill	8
Gráinne Mhic Géidigh	9

Tinreamh: Níl san áireamh sa tinreamh thuas ach cruinnithe Boird. Níl cruinnithe coistí mar atá sonraithe thíos san áireamh.

Attendance: Included in the above attendance are Board meetings only. Committee meetings as detailed below are not included.

Coistí Réigiúnacha

Faoi reachtaíocht an Údaráis leagadh síos go ndéanfadh comhaltaí ionadaíocht ar a gceantair féin ar thrí Choiste Réigiúnacha do Dhún na nGall, do Chonnachta/Laighin agus don Mhumhain. Is féidir leis na Coistí sin deontais charnacha suas go dtí €350,000 a cheadú do thionscadail. Bhí idir trí chruinniú agus sé chruinniú ag gach Coiste Réigiúnach le linn na bliana.

Regional Committees

Under Údarás legislation members represent their own areas on three Regional Committees for Donegal, Connacht/Leinster and Munster. The Committees can approve grant-aid to projects up to a cumulative level of €350,000. Each Regional Committee held three to six meetings during the year.

An Coiste Meastóireachta

Is coiste reachtúil é seo a dhéanann meastóireacht ar thionscadail mhóra agus a chuireann moltaí chuig an mBord. Ar an gcoiste sin bíonn an Cathaoirleach, triúr comhaltaí tofa boird agus an Príomhfheidhmeannach mar aon le hionadaithe ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) agus Fiontraíocht Éireann. Bhí dhá chruinniú ag an gcoiste seo sa bhliain 2011.

Evaluation Committee

This is a statutory committee which evaluates large-scale projects and makes recommendations to the Board. Membership comprises the Chairman, three elected board members and the Chief Executive as well as representatives from the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht, IDA (Ireland) and Enterprise Ireland. Two meetings were held by this committee in 2011.

An Coiste Iniúchta

De réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Coiste Iniúchta ag Údarás na Gaeltachta. Scrúdaíonn an coiste seo ráitis airgeadais, gnóthaí rialaithe chorparáidigh agus bainistíochta riosca, tuairiscí ón bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus obair eile a dhéantar i dtaca leis an eagraíocht agus lena chuid fochuideachtaí. Féach thíos liosta de bhaill an choiste.

Audit Committee

In accordance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, Údarás na Gaeltachta has an Audit Committee. This committee examines financial statements, corporate governance and risk management matters, reports from the Internal Audit function and from the Comptroller and Auditor General, and other work carried out in relation to the organisation and its subsidiary companies. The members of the Audit Committee are as follows:

Liam Ó Cuinneagáin, Cathaoirleach/Chairman

Pádraig Ó Dochartaigh

Micheál Ó Scanaill

Ian Mac Aindriú

Tadhg Ó Cuinn

Riobard Ó Cathasaigh (comhalta seachtrach/external member)

Fochoistí

Le blianta anuas bhí comhaltaí boird páirteach i bhfochoistí éagsúla a dhírigh ar ghnóthaí a bhain le cultúr, teanga, oideachas agus oiliúint, bunstruchtúr, forbairt pobail, comharchumainn, oileáin agus ceantair thearcfhorbartha. I rith na bliana 2011, áfach, dhírigh an tÚdarás féin agus a chuid Coistí Réigiúnacha ar ábhair dá leithéidí, go háirithe i dtaca le feidhmeanna fiontraíochta agus fostaíochta an Údaráis, le Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge 2010-2030 agus reachtaíocht Gaeltachta nua a bhí beartaithe. Cuireadh coistí *ad hoc* le chéile chun ceisteanna ar leith a chíoradh i gcásanna áirithe.

Subcommittees

For some years board members have participated in subcommittees which focused specifically on issues relating to culture, language, education and training, infrastructure, community development, cooperatives, islands and underdeveloped areas. However, during 2011 such matters were dealt with through An tÚdarás and its Regional Committees, in particular in respect of the Údarás enterprise and employment functions, the Government's 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030 and new Gaeltacht legislation that was being proposed. *Ad hoc* committees were established in some cases to examine particular matters.

Súilfhéachaint Siar/*Overview*

Údarás na Gaeltachta	2007	2008	2009	2010	2011
Glan-Sócmhainní Dochta/*Net Fixed Assets (€'000)*	134,412	134,701	130,059	119,186	108,146
Glan-Sócmhainní Reatha/*Net Current Assets (€'000)*	(5,373)	(1,755)	(1,063)	2,915	2,745
Foireann/*Staff*	112	107	100	96	95
Tuarastail agus Pá/*Salaries and Pay (€'000)*	8,981	8,923	8,377	7,005	6,647
FOTHIONSCAIL AGUS COMHTHIONSCAIL *SUBSIDIARY AND ASSOCIATE INDUSTRIES*					
Infheistíochtaí an Údaráis sa Scairchaipiteal Údarás Investment in Share Capital (€'000)	2,685	2,195	2,440	1,270	870
Deontais a Ceadaíodh/*Grants Approved (€'000)*	5,714	4,282	3,778	3,758	2,829
Deontais a Íocadh/*Grants Paid (€'000)*	4,024	3,400	5,858	10,304	2,598
MÓRTHIONSCAIL AGUS MIONTIONSCADAIL *LARGE AND SMALL BUSINESSES*					
Deontais a Ceadaíodh/*Grants Approved (€'000)*	22,037	22,625	7,473	9,847	4,372
Deontais a Íocadh/*Grants Paid (€'000)*	9,557	8,171	10,066	10,181	4,992
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT GHINEARÁLTA *EDUCATION AND GENERAL TRAINING*					
Deontais a Ceadaíodh/*Grants Approved (€'000)*	6,093	9,956	7,041	2,743	445
Deontais a Íocadh/*Grants Paid (€'000)*	4,727	6,265	3,573	8,367	1,571
FOSTAÍOCHT I DTIONSCADAIL A FUAIR CÚNAMH *EMPLOYMENT IN ASSISTED BUSINESSES*					
Fostaíocht Lánaimseartha/*Full-time Employment*	8,026	8,193†	7,472†	7,074†	6,970†
Fostaíocht Shéasúrach agus Pháirtaimseartha Eile *Other Seasonal and Part-time Employment*	4,006	1,949	1,092	983	872
FOIRGNIMH *BUILDINGS*					
Caiteachas ar Fhoirgnimh *Expenditure on Buildings (€'000)*	16,449	9,992	6,093	2,290	2,260
AIRGEAD A FUARTHAS ÓN STÁT *EXCHEQUER FUNDING*					
Caiteachas Reatha/*Current Expenditure (€'000)*	12,149	13,881	11,800	11,000	10,300
Tionscnaíocht Chultúrtha agus Pobail *Cultural and Community Promotion (€'000)*	4,720	4,673	4,185	3,915	3,300
Deontais do Thionscail agus Caiteachas Caipitil *Grants to Industry and Capital Expenditure (€'000)*	22,500	25,500	21,650	18,000	6,000

† **Nóta:** Tá comhshuimiú á dhéanamh ar phoist pháirtaimseartha ó 2008 ar aghaidh chun go mbeidh tomhas comónta ann le gníomhaireachtaí eile forbartha.

† ***Note:*** *Part-time jobs have been aggregated into full-time equivalent figures from and including 2008 to create a common measure in line with other development agencies.*

Fostaíocht de réir Earnála
Employment by sector



Acmhainní Nádúrtha	433
Bia	1,008
Déantúis Eile	1,512
Éadach/Teicstíl	273
Innealtóireacht	739
Seirbhísí	3,005
Iomlán	**6,970**

Deontais a ceadaíodh in 2011 de réir earnála
Grants approved in 2011 by sector



Acmhainní Nádúrtha	817,279
Bia	1,247,056
Déantúis Eile	1,897,614
Éadach/Teicstíl	174,168
Innealtóireacht	1,388,868
Seirbhísí	1,676,359
Oideachas agus Oiliúint *	445,000
Iomlán	**7,646,344**

Méaduithe Fostaíochta in 2011 de réir earnála
Increases in employment in 2011 by sector



Acmhainní Nádúrtha	28
Bia	141
Déantúis Eile	186
Éadach/Teicstíl	26
Innealtóireacht	52
Seirbhísí	301
Iomlán	**734**

GLUAIS/*GLOSSARY*

Acmhainní Nádurtha	*Natural Resources*	Éadach/Teicstíl	*Textiles/Clothing*
Bia	*Food*	Innealtóireacht	*Engineering*
Déantúis Eile	*Other Manufacturing*	Seirbhísí	*Services*

* Níl deontais a cheadaítear do ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna ghinearálta earnáil-bhunaithe.

** Aid approved for education and general training activities is not sector based.*

Foinsí fáis na fostaíochta 2007-2011
Sources of employment growth 2007 - 2011

Bliain	Bonn Fostaíochta	Poist Nua i dTionscadail atá ann cheana	Poist Nua Cruthaithe trí Thionscadail Nua	Iomlán na bPost Nua Cruthaithe
Year	*Employment Base*	*New Jobs Created in Established Businesses*	*New Jobs Created in New Businesses*	*Total New Jobs Created*
2007	8,026	674 (65%)	364 (35%)	1,038 (100%)
2008	8,193	1,027 (81%)	242 (19%)	1,269 (100%)
2009	7,472	499 (70%)	211 (30%)	710 (100%)
2010	7,074	530 (75%)	174 (25%)	704 (100%)
2011	6,970	531 (76%)	203 (24%)	734 (100%)

Nóta: Tá comhshuimiú á dhéanamh ar phoist pháirtaimseartha ó 2008 ar aghaidh chun go mbeidh tomhas comónta ann le gníomhaireachtaí eile forbartha.
Note: *Part-time jobs have been aggregated into full-time equivalent figures from and including 2008 to create a common measure in line with other development agencies.*

Ráiteas an Chathaoirligh
Chairman's Statement

Ráiteas an Chathaoirligh

Is mór an t-ábhar misnigh é gur éirigh le cliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta an fhostaíocht a choinneáil nach mór seasmhach le linn 2011. Bhí 6,970 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana. Tháinig laghdú ar ráta na gcaillteanas post le linn na bliana. Tá an líon post a cailleadh le bliain anuas ag leibhéal i bhfad níos ísle ná mar bhí le roinnt blianta anuas, le laghdú 40% in 2011 i gcomparáid le 2009. Cé go raibh glanchaillteanas de 104 post i gceist, is léiriú é an laghdú i gcaillteanas post ar an tionchar dearfach atá ag straitéis an Údaráis, a dhírigh le trí bliana anuas ar thacú le gnóthaí a bhí ann cheana a leibhéal fostaíochta a choinneáil slán. Tharla na laghduithe post don chuid is mó de bharr comhlachtaí a bheith ag sileadh líon beag foirne chun gearradh siar ar chostais. Is iad na comhlachtaí a bhí ag trádáil sa mhargadh baile is mó a bhí buailte.

Luach eacnamaíoch chomhlachtaí Gaeltachta

Taispeánann taighde a rinne Forfás in 2011 go raibh díolachán iomlán de €750 milliún ag cliantchomhlachtaí an Údaráis an bhliain roimhe sin, agus gur bhain €399 milliún de le heaspórtáil, méadú 13% ar an bhliain roimhe sin.

Leibhéal suntasach post nua cruthaithe agus tograí nua ceadaithe

Cruthaíodh 734 post nua i bhfiontair Ghaeltachta in 2011, beagnach ar an líon céanna leis an bhliain roimhe sin. Tháinig ardú ar an leibhéal fostaíochta i gcomhlachtaí a bhí ag plé le heaspórtáil, gnóthaí sna hearnálacha feistí leighis, closamhairc agus na meáin dhigiteacha, seirbhísí airgeadais, agus saindéantúsaíocht anuraidh. D'fhógair roinnt comhlachtaí go raibh pleananna forbartha acu agus go raibh siad chun infheistíocht bhreise a dhéanamh i dtaighde agus forbairt chomh maith i rith na bliana.

In ainneoin na haeráide eacnamaíochta dúshlánaí agus an maoiniú laghdaithe a bhí ar fáil ón Státchiste, cheadaigh Údarás na Gaeltachta tograí ina mbeidh infheistíocht iomlán mheasta de €21 milliún ag baint leo in 2011. Táthar ag súil go gcruthófar 400 post nua i gcomhlachtaí Gaeltachta nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil.

Tábhachtach go leanfar le ceadú poist nua ach maoiniú bheith ar fáil

Caillltear poist go bliantúil mar ghnáth-chuid den saolré gnó de réir mar a athraíonn treochtaí na n-earnálacha agus mar a dhéanann fiontair athstruchtúrú ar a ngnó chun feabhas a chur ar a gcumas iomaíochta. Tá sé thar a bheith tábhachtach mar sin go mbeadh sé d'acmhainn ag an Údarás tacú le poist nua leis an leibhéal fostaíochta sa Ghaeltacht a choinneáil slán agus bunús fáis don todhchaí a chinntiú. Lean an tÚdarás air ag comhoibriú go dlúth le heagraíochtaí forbartha eile lena chinntiú go bhfaighidh an Ghaeltacht agus lucht gnó na Gaeltachta an tairbhe is fearr as aon chláir forbartha fiontraíochta náisiúnta.

Chairman's Statement

It is most encouraging that employment levels within Údarás client companies remained stable during 2011. Total employment in Údarás client companies stood at 6,970 at 2011 year end. The rate of job losses declined during the year. The number of jobs lost over the last year is at a significantly lower level than that experienced over the last number of years, with a 40% decrease in the number of jobs lost in 2011 compared to 2009. While there was a net loss of 104 jobs, the decline in the number of jobs lost is evidence that Údarás' strategy, which over the past three years focused on supporting existing businesses, is having a positive effect on job maintenance. The job reductions occurred mostly due to companies shedding a small number of staff in order to rationalise and reduce costs. Companies trading in the domestic market were those mainly affected.

Economic impact of Gaeltacht companies

Research undertaken in 2011 by Forfás shows that total sales in Údarás client companies was in the region of €750 million in the previous year, of which €399 million of this was in export sales, an increase of 13% on the previous year.

A significant number of new jobs created and new projects approved

At total of 734 new jobs were created in Gaeltacht enterprises in 2011, a similar level to that of the previous year. Companies involved in exporting, including businesses in the medical devices, audio-visual and digital media, financial services, and specialist manufacturing sectors, increased their employment numbers during the year, with some companies announcing expansion plans and further investment in R&D.

Notwithstanding the challenging economic business environment and reduced funding available from the exchequer, Údarás na Gaeltachta approved projects during the year which will involve an overall projected investment of €21million in Gaeltacht companies and are expected to create some 400 jobs when up and running.

Continuation of jobs approval vital - subject to available funding

Jobs are lost annually as a normal part of the business lifecycle as sectoral trends change, enterprises restructure and companies streamline to improve their competitiveness and it is therefore critical that Údarás has the resources to support new jobs to ensure employment levels are maintained and provide a basis for growth into the future. An tÚdarás continued to work closely with other development agencies to ensure that the Gaeltacht and Gaeltacht businesses derive maximum benefit from national enterprise development programmes.

I rith 2012, díreoidh straitéis fiontraíochta an Údaráis ar thacaíocht a sholáthar dá chomhlachtaí reatha, infheistíocht bhreise a lorg ó chliaint nua agus reatha, agus tacú le fiontair a bheidh bunaithe ar acmhainní nádúrtha ar nós uisceshaothrú, turasóireacht, foraoiseacht, agus a leithéid. Cuirfear béim ar leith ar an fhostaíocht a cailleadh i gceantair áirithe le roinnt blianta anuas a athchur agus ar an líon fostaíochta sa Ghaeltacht a thabhairt ar ais chuig leibhéil a bhí ann roimhe seo.

Gníomhaíochtaí teanga

Lean an tÚdarás lena chlár tacaíochta do ghníomhaíochtaí pobail agus teangabhunaithe sa Ghaeltacht in 2011. Tá ionadaíocht ag an Údarás ar ghrúpaí oibre atá bunaithe le díriú ar chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Is é aidhm na ngrúpaí oibre ná scrúdú a dhéanamh ar an réimse feidhmeanna a bheadh ag Údarás na Gaeltachta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Foras na Gaeilge ag tógáil san áireamh feidhmeanna agus gníomhaíochtaí reatha mar aon leis na bearta sonracha atá luaite i réimsí gnímh na Straitéise, agus moltaí a dhéanamh maidir leis na struchtúir, na hoifigí, na hacmhainní agus an líon foirne a theastódh chun na feidhmeanna sin a chur i gcrích. Tá muid ag súil go mór le díriú ar na bearta seo sa bhliain atá amach romhainn i gcomhar leis an dá eagraíocht sin.

Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis na háisíneachtaí forbartha, na heagrais, na forais agus na hinstitiúidí éagsúla stáit agus pobail a mbíonn an tÚdarás ag obair i gcomhar leo lenár n-aidhmeanna forbartha fiontraíochta, teanga, cultúrtha agus sóisialta don Ghaeltacht a chur chun cinn. Glacaim buíochas chomh maith le comhaltaí an Bhoird as a ndíograis agus a ndúthracht i rith na bliana agus glacaim buíochas leis an fhoireann as a dtiomantas don obair dhúshlánach a bhaineann le forbairt chomhtháite na Gaeltachta.



Liam Ó Cuinneagáin
Cathaoirleach

During 2012, Údarás will focus its enterprise strategy on supporting its existing client base, seeking further investment from new and current clients, and supporting natural resource-based enterprises such as aquaculture, tourism and forestry. Údarás will concentrate on replacing the employment lost in certain areas over the last number of years and begin to grow overall employment numbers in the Gaeltacht to previous levels.

Language-based initiatives

During 2011, Údarás continued to support community and Irish language-based activities in the Gaeltacht. Údarás na Gaeltachta has an active role on the working groups involved in the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030. The objective of these working groups is to examine the functions which Údarás na Gaeltachta, the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht and Foras na Gaeilge will have, taking into account their current functions and activities in addition to the specific measures and activities outlined in the Strategy, and to make recommendations regarding the structure, offices, resources and staff numbers required for the implementation of those functions. Over the coming year, we look forward to focusing on these activities in conjunction with both organisations.

Acknowledgement

I wish to express my appreciation and gratitude to the development agencies, all those statutory and community institutions and agencies which cooperate with An tÚdarás in the promotion of our enterprise development, language, cultural and social aims for the Gaeltacht. I wish also to express my gratitude to the members of the Board for their diligence and service throughout the year and to the staff for their commitment to the challenging work of promoting the integrated development of the Gaeltacht.



Liam Ó Cuinneagáin
Cathaoirleach

Athbhreithniú ar 2011
Review of 2011

Forbairt Fiontraíochta

Tugann an tÚdarás faoi réimse leathan gníomhaíochtaí fiontraíochta agus forbartha chun a fheidhmeanna i dtaca le cruthú agus caomhnú fostaíochta sa Ghaeltacht a bhaint amach. Tá na fiontair a fhaigheann tacaíocht ag feidhmiú in earnálacha ar nós eolaíochtaí beatha (bithleighis agus cógaisíocht), teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, déantúsaíocht nideoige (earraí innealtóireachta agus tomhaltais), closamhairc agus na meáin dhigiteacha, turasóireacht, fiontair mhara agus theangabhunaithe.

Cruthaíodh 734 post nua in 2011 i gcomhlachtaí a fuair cúnamh ón Údarás. Tháinig laghdú suntasach ar líon na bpost a cailleadh ó 1,102 in 2010 go 838 in 2011. Bhí 6,970 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis ag deireadh na bliana. Taispeánann na figiúirí fostaíochta gur éirigh go maith le comhlachtaí atá ag plé le heaspórtáil, rud atá ar aon dul leis an treocht náisiúnta. Is údar misnigh é go ndearna roinnt de na comhlachtaí sin tuilleadh infheistíochta agus forbartha ina ngnóthaí i rith na bliana. Tharla tromlach na gcaillteanas de bharr fiontair a bheith ag laghdú foirne chun gearradh siar ar chostais, athstruchtúrú agus comhdhlúthú. Is comhlachtaí beaga, go háirithe iad siúd a bhí ag trádáil sa mhargadh baile amháin, agus comhlachtaí bainteach leis an earnáil turasóireachta nó tógála is mó a bhí buailte.

Poist a Ceadaíodh

Ceadaíodh 398 post nua i rith 2011 i bhfiontair nua agus reatha le hinfheistíocht mheasta iomlán de bhreis is €21 milliún i gcomhlachtaí Gaeltachta. Laghdú é sin ar an 535 post a ceadaíodh an bhliain roimhe sin, cé gur méadú beag é ar an 368 post a ceadaíodh in 2009. Is iad an ghéarchéim eacnamaíochta domhanda, laghdú ar líon na dtionscadal nua a tháinig chun tosaigh ag lorg tacaíochta mar gheall ar dheacrachtaí maoinithe nó lagú ina gcúrsaí gnó, agus laghdú ar an leibhéal maoinithe a bhí ar fáil don Údarás óna fhoinsí maoinithe féin agus ón Státchiste, na cúiseanna ba mhó leis an laghdú i líon na bpost a ceadaíodh in 2011.

Tionchar Eacnamaíoch Chliantchomhlachtaí an Údaráis

Léiríonn eolas ón suirbhé eacnamaíoch ABSEI (Annual Business Survey of Economic Impact) is déanaí a rinne Forfás in 2011 do na gníomhaireachtaí forbartha go léir:

- go raibh díolachán iomlán de €750 milliún ag cliantchomhlachtaí an Údaráis an bhliain roimhe, sin méadú 13%. Bhain os cionn 50% den díolachán iomlán le heaspórtáil;
- go ndearna os cionn 40% de chliantchomhlachtaí an Údaráis infheistíocht i dTaighde agus Forbairt, le caiteachas iomlán de €20 milliún.

Rinne an ABSEI suirbhé ar chliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis ina bhfuil 75% den fhostaíocht iomlán agus léirigh na torthaí go ndéanann siad ranníocaíocht suntasach chuig eacnamaíocht na hÉireann.

Maoiniú Stáit

Tá infheistíocht Stáit thart ar €9.4 milliún i gceist leis an gcúnamh agus caiteachas a cheadaigh an tÚdarás i rith na bliana 2011 do thionscadail

Enterprise Development

An tÚdarás undertakes a wide range of enterprise and development activities in fulfilment of its functions in relation to the creation and maintenance of employment in the Gaeltacht. Enterprises supported operate in sectors such as life sciences (biomedical and pharmaceutical), information and communications technology, niche manufacturing (engineering and consumer goods), audio-visual and digital media, tourism, marine and language-based enterprises.

A total of 734 new jobs were created in Údarás-assisted companies in 2011. Job losses decreased from 1,102 in 2010 to 838 in 2011. Total full-time employment at year end was 6,970. The employment figures show a strong performance by exporting companies, reflecting the national trend. It is encouraging to see that a number of those companies continued to invest further and expand their operations during the year. The majority of the job losses occurred as a result of enterprises shedding staff numbers in order to cut costs, restructure and consolidate. Smaller companies, especially those trading solely in the domestic market, and companies involved in tourism or the construction related sectors were the most affected.

Job Approvals

A total of 398 new jobs were approved during 2011 in new and existing enterprises involving an overall projected investment of over €21 million in Gaeltacht companies. This figure is a reduction from the previous year's approval of 535 jobs, but a small increase from the 368 jobs approved in 2009. A number of combined factors led to a lower amount of new jobs being approved and these were the global economic crisis, a reduction in new projects coming forward for assistance owing to funding constraints or a downturn in business, and reduced funding available to An tÚdarás from its own sources and from the exchequer.

Economic Impact of Údarás Client Companies

Results from the most recent ABSEI survey (Annual Business Survey of Economic Impact) carried out and published by FORFÁS in 2011 in respect of all development agencies indicate that:

- total sales in Údarás client companies was in the region of €750 million in the previous year, an increase of 13%. Over 50% of total sales were in exports;
- over 40% of Údarás client companies invested in Research and Development, amounting to €20 million in expenditure.

State Funding

Assistance and expenditure approved by An tÚdarás in 2011 for employment and other development projects, for education and training, and for infrastructure involved an overall State investment of some €9.4 million.

fhostaíochta agus fhorbartha eile, d'oideachas agus oiliúint, agus i leith infreastruchtúir.

Taighde agus Forbairt

Lean an tÚdarás de bhéim ar leith a chur ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha ina chliantchomhlachtaí agus é ag cabhrú le gnóthaí forbairt a dhéanamh ar a gcumas iomaíochta. In 2011, ceadaíodh €1.5 milliún (€1.2 milliún faoin scéim Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (T&F&N)) i ndeontais dírithe ar thaighde agus forbairt do chliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis. Íocadh €1.6 milliún i ndeontais dírithe ar thaighde agus forbairt i rith na bliana. Tá an tÚdarás, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, tiomanta do chomhoibriú le comhlachtaí tríd an scéim Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (T&F&N) a fheidhmiú, chun an bonn taighde agus nuálaíochta san earnáil fiontraíochta a neartú.

Costas in Aghaidh an Phoist

Bhí costas deontais de €8,212 in aghaidh an phoist in 2011 agus bhí meánchostas de €11,259 in aghaidh an phoist i gceist thar na cúig bliana seo caite. Léiríonn an costas in aghaidh an phoist an caiteachas deontais ar chaipiteal, fhostaíocht, taighde agus forbairt agus ar oiliúint a íoctar le cliantchomhlachtaí ach ní áiríonn sé deontais FIFG (Ionstraim Airgeadais do Threoir Iascaireachtaí) ná T&F&N. Ní áirítear caiteachas eile i leith oiliúna ná oideachas mar níl ceangal díreach idir mórchuid an chaiteachais ar na cláir oideachais tríú leibhéal agus foghlama fadsaoil atá á maoiniú agus cláir chruthaithe fostaíochta na bliana reatha.

Punann Maoine

Ag deireadh 2011 bhí punann leathan maoine os cionn 240,000 méadar cearnach á bhainistiú ag Údarás na Gaeltachta ar fud na Gaeltachta i seacht gcontae éagsúla. Bhí 60% faoi thionóntachtaí, timpeall 2% in áirithe do thionóntaí úra, 20% a raibh gá athchóiriú a dhéanamh air agus timpeall 18% ar fáil do thionóntaí úra. Léiríonn éagsúlacht na punainne maoine an ról leathan atá ag Údarás na Gaeltachta mar ghníomhaireacht forbartha réigiúnaí. Ní hé amháin go bhfuil sealúchas substaintiúil de pháirceanna gnó, monarchana agus oifigí sa phunann maoine, tá ceithre aerstráice ann freisin mar aon le seirbhísí coimhdeacha, agus raon maoine a coimisiúnaíodh go speisialta.

Ba ghné uathúil díolacháin a bhí ann san am a chuaigh thart go raibh ar chumas an Údaráis infreastruchtúr fiontraíochta a fhorbairt agus réitigh lándéanta a sholáthar chun riachtanais na gcliant a shásamh agus tá sé seo ríthábhachtach chun cuidiú leis an eagraíocht infheistíocht dhíreach dhúchasach agus eachtrach a mhealladh agus fostaíocht a chruthú sna ceantair is iargúlta. Tá forbairt agus soláthar áiseanna nua agus nua-aimseartha srianta go mór le blianta beaga anuas de bharr ciorruithe ar bhuiséad caipitil na heagraíochta.

Leanadh leis an gclár díolacháin maoine agus in ainneoin na géarchéime eacnamaíochta agus cúlú sa mhargadh, díoladh luach €1.86 milliún de mhaoin an Údaráis le linn 2011. Bhí idirbheartaíocht ar siúl maidir le luach €3.4 mhilliún eile ag deireadh na bliana.

Research and Development

An tÚdarás continued to place special emphasis on research and development expenditure as it assisted its client companies to develop their competitive capacities. In total, some €1.5 million (€1.2 million under the R&D&I scheme) was approved in research and development type grants in 2011 for Údarás client companies. Total grants paid out to companies undertaking research and development activities amounted to €1.6 million during the year. An tÚdarás, in co-operation with Enterprise Ireland, is committed to working with companies through the R&D&I scheme, to strengthen the research and innovation base of the enterprise sector.

Cost per Job

The grant cost per job for 2011 was €8,212 and the average cost per job over the past five years was €11,259. The cost per job reflects grant expenditure on capital, employment, research and development and training paid to client companies but excludes FIFG (Financial Instrument for Fisheries Guidance) and R&D&I funding. Other expenditure on training and education is excluded as there is no direct link between a substantial proportion of the expenditure on third level education courses and lifelong learning support schemes and the current year job creation programmes.

The ABSEI study surveyed companies that include approximately 75% of Údarás-supported employment and illustrates that Údarás na Gaeltachta client companies make a significant contribution to the Irish economy.

Property Portfolio

At 2011 year end, a substantial property portfolio of over 240,000 square metres located throughout the Gaeltacht in seven different counties was being managed by Údarás na Gaeltachta. A total of 60% was occupied by business or industrial tenants, 2% had already been committed to new prospective tenants, 20% required upgrading and 18% was available for new industry/businesses. The diversity of its property portfolio reflects Údarás na Gaeltachta's diverse role as a regional development agency. The portfolio includes not only a substantial holding of business parks, factories and office premises but also four airstrips with ancillary services and a range of specifically commissioned properties.

The ability of An tÚdarás to develop enterprise infrastructure and to provide turn-key solutions to meet clients' requirements has been a unique selling point in the past and is crucial in helping the organisation to attract indigenous and foreign direct investment and create employment in the most peripheral areas. The development and provision of new and modern enterprise facilities has been severely restricted in recent years due to budgetary capital expenditure restrictions.

The programme of disposal of property continued in 2011 and, despite the economic crisis and the credit squeeze, €1.86 million was realised from the sale of property during the year. A further €3.4 million of sales was under active negotiation at year end.

Gníomhaíochtaí Oideachais, Pobail agus Cultúrtha

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil ról freagrachta aige pobal agus cultúr na Gaeltachta a threisiú agus a chinntiú go bhfuil seirbhísí agus áiseanna oideachais, sóisialta agus cultúrtha den scoth ar fáil sa Ghaeltacht a chuirfidh ar chumas phobal na Gaeltachta caighdeán saoil agus stíl mhaireachtála trí Ghaeilge a bheith acu atá ar aon dul lena gcomhshaoránaigh ar fud na tíre.

Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, tá réimse de thionscnaimh agus scéimeanna á reáchtáil agus á riaradh ag an Údarás atá dírithe ar chur chun cinn phobal na Gaeltachta i gcúrsaí oideachais agus oiliúna, forbairt pobail, na healaíona agus cultúr na Gaeltachta.

Oideachas agus Oiliúint

I rith na bliana 2011, rinneadh maoiniú ar chlár forbartha oiliúna áitiúil i ngach ceantar Gaeltachta chun roinnt tionscnaimh oideachais agus oiliúna a sholáthar i dtaca le cuspóirí forbartha pobail agus fiontraíochta an Údaráis a bhaint amach.

Tacaíonn na scéimeanna forbartha oiliúna agus oideachais atá ar fáil le huasghrádú agus athoiliúint a dhéanamh ar scileanna dhaoine san fhórsa saothair, chomh maith le deiseanna traenála a sholáthar do dhaoine atá ag dul isteach sa mhargadh saothair don chéad uair trí scéimeanna ar nós Scéim na bPrintíseachtaí agus an Scéim Forbartha Bainistíochta.

Is cuid dílis de straitéis oiliúna agus oideachais an Údaráis forbairt a dhéanamh ar an oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge sa Ghaeltacht lena chinntiú go bhfuil linn láidir daoine ardoilte á soláthar d'fhórsa saothair Gaeltachta. Tá maoiniú á chur ar fáil ag an Údarás do roinnt institiúidí tríú leibhéal a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina gceantar feidhme le cúrsaí creidiúnaithe dioplóma, ard-dioplóma, céime agus iarchéime a chur ar fáil.

Le linn 2011:

- Bronnadh 18 scoláireacht phrintíseachta i gceirdeanna éagsúla faoi Scéim na bPrintíseachtaí. Ag deireadh na bliana bhí 98 duine ag staideanna éagsúla dá gcuid printíseachtaí urraithe ag an Údarás;
- Bhain 18 duine tairbhe as an Scéim Forbartha Bainistíochta agus an Scéim Taithí Oibre a dhíríonn ar thaithí oibre phraiticiúil a chur ar fáil do dhaoine atá críochnaithe le coláiste agus/nó atá ag lorg taithí le filleadh ar obair;
- Rinneadh maoiniú ar chúrsaí a sholáthair Institiúid Theicneolaíochta Phort Láirge i gcomhar le Nemeton Teo sa Rinn agus Institiúid Theicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo i gcomhar le hEuropus Teo i gCarna.

Education, Community and Cultural Activities

An tÚdarás recognises that it has an important role in supporting the Gaeltacht culture and community and in ensuring the provision of educational, social, cultural services and facilities in the Gaeltacht so that the Gaeltacht community may enjoy the same quality of life and lifestyle as its fellow citizens nationally.

To achieve these objectives, An tÚdarás organises and administers a range of initiatives and schemes in relation to education and training, community development, the arts and Gaeltacht culture.

Education and Training

During 2011, funding was provided for local training and education development initiatives in all Gaeltacht areas aimed at realising the community and enterprise development objectives of An tÚdarás.

These education and training development schemes support the upgrading and retraining of the Gaeltacht workforce, and also provide training opportunities for people entering the labour market for the first time through schemes such as the Apprenticeship Scheme and the Management Development Scheme.

The development of third level education through Irish in the Gaeltacht is an integral part of An tÚdarás' education and training strategy to ensure that a highly skilled workforce is available in the Gaeltacht. An tÚdarás provided funding to a number of third level institutions which have Gaeltacht areas within their catchment regions, for the provision of accredited diploma, higher diploma, degree and post-graduate courses.

During 2011:

- A total of 18 apprentice scholarships were awarded in various trades under the Apprenticeship Scheme. At year end there were 98 apprentices at various stages of their training on Údarás-funded apprenticeships;
- 18 people benefited from the Management Development Scheme and Work Experience Scheme which aim to provide practical work experience for third level graduates and/or people seeking experience to return to work;
- Funding was provided for courses delivered by the Waterford Institute of Technology in association with Nemeton Teo in An Rinn and by Galway Mayo Institute of Technology in association with Europus Teo in Carna.

Forbairt Pobail

Aithníonn an tÚdarás go bhfuil forbairt pobail mar chuid dílis d'fhorbairt na Gaeltachta agus chuige sin tá gníomhaíochtaí ar leith ar bun ag an Údarás atá dírithe go sonrach ar fhorbairt pobail.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Déanann Údarás na Gaeltachta raon scéimeanna fostaíochta sóisialta a riaradh sa Ghaeltacht. Tá na scéimeanna maoinithe go náisiúnta ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus b'fhiú €15 milliún san iomlán na scéimeanna do gheilleagar na Gaeltachta in 2011. Bhí breis agus 900 rannpháirtí agus 45 saoiste fostaithe ar scéimeanna ar fud na Gaeltachta. Mar aon le taithí oibre agus oiliúint a chur ar fáil dóibh siúd atá as obair, tá ról lárnach ag na scéimeanna i ngníomhaíochtaí forbartha pobail sa Ghaeltacht.

- Tá an Scéim Fostaíochta Pobail á riaradh sa Ghaeltacht ag an Údarás i gcomhar leis na pobail áitiúla agus é mar aidhm taithí oibre a chur ar fáil, feabhas a chur ar shaol an cheantair agus misneach a thabhairt don phobal áitiúil. I rith 2011 chríochnaigh 143 rannpháirtí na scéimeanna agus fuair cuid acu seo fostaíocht lánaimseartha. Ag deireadh na bliana bhí 360 rannpháirtí agus 19 saoiste fostaithe ar 18 scéim.
- Ghlac an tÚdarás riarachán na Scéime Tionscnamh Jabanna ar láimh i rith na bliana. Bhí 25 rannpháirtí agus saoiste amháin fostaithe ar an scéim seo ag deireadh na bliana.
- Tá an Scéim Shóisialta Tuaithe á riaradh ag Údarás na Gaeltachta sa Ghaeltacht. Ag deireadh na bliana bhí 20 scéim ar an bhfód faoi scáth an Údaráis ag fostú 452 rannpháirtí agus 21 saoiste.
- Tá an Scéim Tús á riaradh ag Údarás na Gaeltachta sa Ghaeltachta chomh maith. Ag deireadh na bliana bhí 72 rannpháirtí agus ceathrar saoistí fostaithe ar cheithre scéim.

Na hEagrais Phobail

Tá maoiniú tríd an Scéim Deontas Reáchtála á chur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta do 29 eagras pobail (comharchumainn agus comhlachtaí pobalbhunaithe) sa Ghaeltacht. Cuireann na heagrais phobalbhunaithe seo, ina bhfuil 112 duine fostaithe, cláir leathan i bhfeidhm a chlúdaíonn gníomhaíochtaí forbartha pobail, bainistiú scéimeanna/tionscnamh agus caomhnú agus neartú na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh. Tá plean oibre ag gach eagraíocht agus bíonn spriocanna sonracha aontaithe leis an Údarás mar chuid den chomhaontú ar mhaoiniú.

Scéim Fiontar Pobail

Cuireadh maoiniú ar fáil tríd an Scéim Fiontar Pobail do 30 eagraíocht/coiste pobail chun cuidiú leo gníomhaíochtaí forbartha pobail a chur chun cinn

Community Development

Údarás na Gaeltachta recognises that community development is a core element of the development process in the Gaeltacht and it administers many specific activities aimed at community development.

Social Employment Schemes

Údarás na Gaeltachta administers a number of social employment schemes in the Gaeltacht. These schemes are funded nationally by the Department of Social Protection and were worth €15 million in total to the Gaeltacht economy in 2011. In excess of 900 participants and 45 supervisors were employed on schemes throughout the Gaeltacht. In addition to providing work experience and training for those out of work, these employment schemes play an important role in community development activities throughout the Gaeltacht.

- An tÚdarás in co-operation with local communities administers the Community Employment Schemes in the Gaeltacht with the aim of providing work experience, improving the fabric of community life and maintaining local morale. During 2011, 143 participants completed the schemes and the majority of them took up full-time employment thereafter. At year end there were 360 participants and 19 supervisors employed on 18 schemes.
- During the year, An tÚdarás took over the administration of the Jobs Initiative Scheme. At year end, there were 25 participants and one supervisor employed on this scheme.
- The Rural Social Scheme is administered by Údarás na Gaeltachta in the Gaeltacht. At year end there were 20 schemes in operation, employing 452 participants and 21 supervisors.
- An tÚdarás now also administers the Tús Programme in the Gaeltacht. At year end there were 72 participants and 4 supervisors employed on four schemes.

Community Organisations

An annual administration grant was paid to 29 community organisations (co-operatives and community-based companies) throughout the Gaeltacht under the Community Co-operatives Administration Grant Scheme. These community-based organisations, which employ 112 people, implement extensive work programmes consisting of community development activities, managing schemes/initiatives and assisting in the maintenance and preservation of the Irish language and culture. A programme of work is agreed with each organisation as part of the funding agreement.

Community Enterprise Scheme

Funding was provided for 30 community organisations/committees through the Community Enterprise Scheme to support the promotion of community development activities and the development of planning and management skills of committee members to assist in the preparation of development plans.

agus chun forbairt a dhéanamh ar scileanna pleanála agus bainistíochta na foirne chun tacú leo pleananna forbartha a ullmhú.

Muintearas Teo

Tá Muintearas Teo, atá á mhaoiniú chun cuspóirí áirithe oideachais, teanga agus forbartha daonna a bhaint amach, ag cur béime den chuid is mó ar mhaolú ar an míbhuntáiste sa soláthar oideachais/oiliúna Gaeltachta, ar chothromaíocht deiseanna a bhaint amach don Ghaeltacht agus ar an nGaeilge mar mheán teagaisc san oideachas Gaeltachta a threisiú. Áirítear na réimsí seo a leanas mar phríomhréimsí oibre an chomhlachta - luathfhorbairt an linbh, an réimse oideachais, an óige, cúrsaí nuatheicneolaíochta, cumarsáide agus oideachas fadsaoil pobail. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, FÁS, POBAL agus cláir de chuid an Aontais Eorpaigh mar fhoinsí maoinithe do réimsí éagsúla tionscadail atá á n-eagrú ag Muintearas.

An tAosach

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena pholasaí chun an bonneagar sóisialta a fhorbairt sa Ghaeltacht. Mar chuid de pholasaí caomhnaithe teanga na heagraíochta, cuireadh tacaíocht ar fáil, tríd na scéimeanna fostaíochta, do na hionaid lae chun tacú leo seirbhísí breise a sholáthar don aosach. Reáchtáladh réimse de chúrsaí i gcúram aosach i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coiste Gairmoideachais na Gaillimhe agus Cumann Cúramóirí na hÉireann.

Na hEalaíona

Déanann Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú ar chlár forbartha agus cothaithe na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha trí fhochuideachta de chuid an Údaráis, Ealaín (na Gaeltachta) Teo. Tá triúr áisitheoirí réigiúnacha fostaithe ag an gcomhlacht leis an gclár a chur i bhfeidhm.

Buaiceanna 2011

Tugadh tacaíocht do 88 togra ealaíon faoi scéimeanna maoinithe Ealaín na Gaeltachta le linn 2011. Seo a leanas an briseadh síos de réir scéime:

Scéim Forbartha na nEalaíon - trína dtugtar tacaíocht do dhaoine aonair nó d'eagrais ar mian leo tionscnamh ealaíon a fhorbairt. Ceadaíodh tacaíocht do 21 tionscnamh ealaíon faoin scéim seo le buiséad iomlán de €116,000;

Scéim na bhFéilte Ealaíon - trína dtugtar tacaíocht do dhaoine aonair nó d'eagrais ar mian leo féile ealaíon a fhorbairt. Cuireadh tacaíocht ar fáil do 16 féile Gaeltachta in 2011, le buiséad iomlán de €87,000;

Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí - trína dtugtar deis d'ealaíontóirí aonair iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú a chuirfidh ar a gcumas tréimhse ama a chur i leataobh le forbairt a dhéanamh ar a gceird. Cuireadh 47 iarratas faoi bhráid in 2011 agus ceadaíodh tacaíocht do 36 ealaíontóir le buiséad iomlán de €50,000;

Scéim na bPríomhréimsí - trína ndéantar forbairt straitéiseach ar ghnéithe éagsúla a chuirfidh le hinfreastruchtúr na n-ealaíon ar bhunús

Muintearas Teo

Funded to implement educational, language and personal development programmes, Muintearas Teo's focus is largely on reducing disadvantage in Gaeltacht education/training provision, on achieving equality of opportunities for the Gaeltacht communities and reinforcing Irish as a teaching medium in Gaeltacht education. The company's primary focus is early childhood development, education, youth, new technology and communications as well as lifelong learning courses. The Department of Education and Skills, the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht, FÁS, POBAL and a number of European Union programmes are sources of funding for various initiatives being administered by Muintearas Teo.

The Elderly

An tÚdarás further progressed its policy of developing social infrastructure in the Gaeltacht. As part of the organisation's language maintenance policy, support was provided to day-centres to enable them to provide additional services for the elderly. A number of Carers' courses for those dealing with the elderly were organised in association with the Health Service Executive, the Vocational Education Committee, Galway, and the Carers' Association of Ireland.

The Arts

Údarás na Gaeltachta and the Arts Council jointly fund a wide range of traditional and contemporary arts initiatives and projects through an Údarás subsidiary company Ealaín (na Gaeltachta) Teo. This company employs three regional arts facilitators who implement the programme.

2011 Highlights

During 2011, support was granted to 88 arts initiatives through schemes facilitated by Ealaín na Gaeltachta which are detailed as follows:

The Arts Development Scheme – supports individuals or organisations wishing to develop arts projects. Support was approved for 21 initiatives under this scheme in 2011 amounting to a total budget approval of €116,000;

The Arts Festivals Scheme – supports individuals or organisations wishing to develop an arts festival. Support was approved for 16 Gaeltacht festivals in 2011 amounting to a total budget approval of €87,000;

The Bursary Scheme for Artists – provides an opportunity for individual artists to apply for funding, therefore enabling them to take time off to develop their skills. 47 applications were submitted in 2011 and assistance was approved for 36 artists amounting to a total budget approval of €50,000;

The Main Activities Scheme – allows for strategic development in various aspects to enhance the arts infrastructure on a long term basis. Assistance

fadtréimhseach. Ceadaíodh tacaíocht do 15 togra faoin scéim seo in 2011 le buiséad iomlán de €312,000.

Gníomhaíochtaí Eile

- Ghlac an Ghaeltacht páirt lárnach sa mhórfhéile náisiúnta 'Oíche Chultúir' don dara bliain. Eagraíodh breis agus 30 imeacht ar fud na Gaeltachta agus mar chuid den mhórthaispeántas ghlac breis agus ochtó ealaíontóir páirt sa togra 'Crosbhóthar' ar a raibh Andrew Duggan mar choimeádaí. Is éard a bhí sa mhórthaispeántas ná ilteilgin lasmuigh de shaothar ealaíontóirí, atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó go bhfuil nasc leis an nGaeltacht acu. Léiríodh an togra sa Daingean, i mBaile an Sceilg, sa Spidéal, i nGaoth Dobhair agus sa Dánlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath ar an oíche.
- Bhí an taispeántas 'Tír' le físealaíontóirí as Éirinn, Albain agus an Bhreatain Bheag páirteach, ar chamchuairt in 2011. Bhí an taispeántas mar thoradh ar thréimhse cónaithe ealaíontóirí ón mBreatain Bheag, Albain agus an Ghaeltacht, a chaith dhá mhí ina gcónaí sna tíortha 'Comharsana Ceilteacha' ag forbairt a saothar agus ag obair leis an bpobal ar thograí ealaíon. D'eascair an togra seo as an gcomhpháirtíocht leis na 'Comharsana Ceilteacha' lena bhfuil Ealaín na Gaeltachta páirteach le sé bliana anuas.
- Bhí ócáid stairiúil i gcúrsaí drámaíochta na Gaeilge in 2011 nuair a léirigh Fíbín an dráma Sétanta i gcomhar le hAmharclann na Mainistreach i mí na Nollag 2011. Ba é seo an chéad uair ag compántas Gaeltachta dul i gcomhpháirt le hAmharclann Náisiúnta na tíre le dráma Gaeilge a chur ar stáitse.
- Mar thoradh ar thacaíocht agus spreagadh ó Ealaín na Gaeltachta, cuireadh tús le tograí scéalaíochta nua rathúla sa Ghaeltacht, 'Gliondar' agus 'Scéal Scéal Scéal' i gConamara, agus 'Ó Bhéal go Béal' le Gearóidín Bhreathnach i nDún na nGall. Tograí tábhachtacha iad seo leis an scéalaíocht a fhorbairt, réimse ealaíne a bhfuil a thábhacht i mbaol agus le cothú. Dhírigh lonad Cultúrtha Bhaile Bhuirne ar dhúchas Mhúscraí tríd an scéim lúibíní agus agallamh beirte 'Béal Beo' a chur ar fáil d'ógánaigh an cheantair. Deimhníonn scéimeanna den saghas seo ó cheann ceann na Gaeltachta, go mairfidh an tseanealaín i measc na glúine óige, a dhéanfaidh aithris dá gcuid féin ar thraidisiún a muintire.
- Chuir breis agus 150 duine isteach ar Chomórtas Liteartha an Údaráis in 2011, méadú 35% ar an mbliain roimhe sin. Bhí caighdeán ard ag baint leis na hiarratais agus is toradh é seo ar dhea-obair thograí litríochta na Gaeltachta atá maoinithe agus cothaithe ag Ealaín na Gaeltachta le breis agus deich bliana anuas. Bronnadh 23 duais litríochta ar rannpháirtithe an Chomórtais.
- Reáchtáil Ealaín na Gaeltachta sraith cúrsaí oiliúna i rith na bliana dírithe ar ealaín agus ar chúrsaí forbartha gnó.

was approved for 15 projects under this scheme in 2011 amounting to a total budget approval of €312,000.

Other Activities

- The Gaeltacht participated in the national event 'Culture Night' for the second year running. In excess of 30 events were organised throughout the Gaeltacht and the artist Andrew Duggan curated a multi-location exhibition, *Crosbhóthar*, a large outdoor projection piece featuring work by more than 80 visual and text based artists from throughout the entire Gaeltacht. It was presented simultaneously in various Gaeltacht locations, An Daingean, Baile an Sceilg, An Spidéal, Gaoth Dobhair and on the walls of the National Gallery, Dublin.
- The exhibition *Tír* featuring visual artists from Ireland, Scotland, and Wales was on tour during 2011. The exhibition was the outcome of a two month residential period spent by artists from Scotland, Wales and the Gaeltacht in the *Comharsana Ceilteacha* countries developing their work and working on art projects with the community. This initiative resulted from a partnership with *Na Comharsana Ceilteacha* with which Ealaín na Gaeltachta has been involved over the last six years.
- A historical event in Irish drama took place in 2011 when the play *Sétanta* was produced by Fíbín in conjunction with the Abbey Theatre in December 2011. This was the first time an Irish drama had been staged by a Gaeltacht theatre company in partnership with the country's national theatre.
- With the help and support of Ealaín na Gaeltachta, the successful storytelling initiatives *Gliondar* and *Scéal Scéal Scéal* commenced in Conamara, and *Ó Bhéal go Béal* by Gearóidín Breathnach in Donegal. These are important initiatives to develop the art of storytelling, an area of art which is at risk and in need of preservation. The cultural centre in Baile Bhuirne focused on Múscraí by delivering the *Béal Beo* scheme, a dialogue in verse and rhymes scheme, for the youth in the area. Schemes of this type throughout the Gaeltacht ensure that traditional art will survive amongst the youth, who will continue to practice the traditions of their predecessors.
- In excess of 150 people entered the Údarás Creative Writing Competition in 2011, an increase of 35% on the previous year. The entries were of very high standard, and this was as a result of the excellent work of Irish literature initiatives funded and maintained by Ealaín na Gaeltachta over the last ten years. Twenty three literature prizes were awarded to entrants.

A series of training courses were organised by Ealaín na Gaeltachta Teo throughout the year aimed at art and business development.

Gníomhaíochtaí Gaeilge

Is é príomhaidhm reachtúil an Údaráis ná caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh. Tá cothabháil agus forbairt na teanga mar chuid lárnach de ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chuige sin cuirtear scéimeanna agus tionscnaimh áirithe i bhfeidhm chun tabhairt faoi na dúshláin teanga.

Ionad Seirbhísí Teanga

Tá 34 ionad bunaithe ag an Údarás ar fud na Gaeltachta i gcomhar le heagrais phobail. D'fhreastail os cionn 400 ar chúrsaí sna hionaid sin in 2011 agus tá thart ar 70 de na foghlaimeoirí seo ag déanamh scrúduithe creidiúnaithe ar nós dioplóma tríú leibhéal nó Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG).

Scéim Ghaeilge do Chomhlachtaí Gaeltachta

I rith na bliana, d'aontaigh an tÚdarás pleananna spriocanna teanga le 30 dá chuid cliantchomhlachtaí faoin scéim seo. Tá an scéim tacaíochta deartha go speisialta leis an nGaeilge a spreagadh i measc chliantchomhlachtaí sa Ghaeltacht le béim faoi leith ar úsáid agus infheictheacht na Gaeilge i gcúrsaí gnó, ach go háirithe.

Luathoideachas

Bhí 75 naíonra ag feidhmiú ar fud na Gaeltachta, ag freastal ar bhreis agus 1,000 páiste le linn 2011. Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo, atá á mhaoiniú ag an Údarás, an struchtúr neamhspleách a dhéanann naíonraí pobail na Gaeltachta a riaradh agus a bhainistiú. Tá seisear fostaithe go lánaimseartha agus 129 fostaithe go páirtaimseartha ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. Bhí 12 ionad cúraim leanaí ag feidhmiú sna Gaeltachtaí éagsúla le linn na bliana agus tá ceann eile le hoscailt in 2012. Chuir Comhar Naíonraí na Gaeltachta seirbhísí ar fáil do sé cinn acu.

An Óige

Cuireann Údarás na Gaeltachta maoiniú ar fáil d'Óige na Gaeltachta Teo chun imeachtaí óige a reáchtáil sna Gaeltachtaí éagsúla. Bhí 57 club óige ag feidhmiú ar fud na Gaeltachta agus breis agus 2,000 ógánach cláraithe ag Óige na Gaeltachta Teo in 2011. Osclaíodh dhá ionad nua buail isteach nua i rith 2011, ceann i gCill Charthaigh agus an ceann eile i Ráth Chairn. Tá ceathrar fostaithe ag Óige na Gaeltachta Teo agus tá oifigí acu sa Ghaeltacht san iarthar, sa tuaisceart agus sa deisceart.

Irish Language Activities

The primary statutory objective of Údarás na Gaeltachta is the preservation and extension of the Irish language as a community and family language. All of the organisation's activities have at their core a language maintenance and development objective and to that end specific schemes and initiatives are implemented to address the challenges in relation to language maintenance.

Language Services Centres

34 Irish Language Services Centres have been established throughout the Gaeltacht with the support of Údarás na Gaeltachta. Over 400 people attended Irish language courses in these centres in 2011 and approximately 70 of these learners are undertaking accredited examinations such as a third level diploma or the European Irish Language Certificate (TEG).

Irish Language Initiative for Businesses

An tÚdarás agreed language plans and objectives with 30 of its client companies during the year. The support scheme has been devised specifically to promote the Irish language in Údarás client companies in the Gaeltacht with special emphasis on the visibility and use of Irish in business.

Early Childhood Education

There were 75 preschools (naíonraí) operating throughout the Gaeltacht and catering for in excess of 1,000 children during 2011. Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo is the independent structure funded by Údarás na Gaeltachta to administer and manage naíonraí throughout the Gaeltacht. Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo employs six fulltime and 129 part-time staff. There were 12 childcare centres in operation throughout the various Gaeltacht areas during the year and another one is due to open in 2012. Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo provided services for six of these centres.

Youth

Údarás na Gaeltachta provides funding for the youth organisation Óige na Gaeltachta Teo to organise youth activities in the various Gaeltacht areas. There were 57 youth clubs in operation throughout the Gaeltacht with over 2,000 members registered in 2011. Two new drop in centres were opened in 2011, one in Cill Charthaigh and the other in Ráth Chairn. Óige na Gaeltachta Teo employs four people and has regional offices in the west, north and south Gaeltacht areas.

Eagraíocht agus Seirbhísí
Organisation and Services

Rialachas Corparáideach

Is comhlacht corpraithe é Údarás na Gaeltachta arna bhunú ag an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, agus feidhmíonn sé de réir forálacha na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 2010 faoi shainchúram na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Chomh maith lena chuid reachtaíochta rialaithe féin, tá dualgas ar an Údarás freisin cloí le raon de cheanglais reachtúla agus riaracháin eile de chuid an Stáit agus an Aontais Eorpaigh.

Foireann

Ag deireadh 2011 bhí 95 duine fostaithe ag an Údarás.

Fad a bhí todhchaí an Údaráis faoi chaibidil le linn na bliana, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, ceadaíodh don Údarás Príomhfheidhmeannach Eatramhach a cheapadh ar feadh na bliana 2011. Lean an plé leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2011 freisin maidir le riachtanais don phost seo agus d'eochairphoist eile san eagraíocht.

Comhionannas

Tá Údarás na Gaeltachta tiomanta go hiomlán do pholasaí comhionannais deise, agus tá gach post san eagraíocht oscailte d'fhir agus do mhná. Leanfar leis na scéimeanna atá ag an Údarás le roghanna a chur ar fáil don fhoireann i dtaca leis na riachtanais ghairme agus phearsanta atá acu, nithe mar chomhroinnt poist, sosanna gairme, saoire speisialta agus uaireanta laghdaithe oibre. I rith na bliana 2011, bhain naoi nduine dhéag den fhoireann leas as na scéimeanna seo.

Laistigh de na constaicí a bhaineann le hearcú foirne sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne, déantar iarracht deiseanna fostaíochta oiriúnacha a chur ar fáil do dhaoine le míchumas.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá ráiteas sábháilteachta scríofa ag Údarás na Gaeltachta agus táthar ag feidhmiú na socruithe cuí go leanúnach chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar fad atá taobh istigh dá ionaid ghnó. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar na Ráitis Shábháilteachta go leanúnach chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán leis na forálacha atá san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Leanadh le hoiliúint a chur ar fáil don fhoireann i réimsí sábháilteachta agus sláinte i rith 2011 chun féachaint chuige go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla.

Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Leanadh le forbairt agus oiliúint foirne in 2011. Rinne baill foirne freastal ar réimse leathan de chúrsaí i rith na bliana idir chúrsaí lae, cúrsaí dioplóma, céime agus máistreachta i réimse leathan d'ábhair chuí a bhain le gnó, bainistíocht, dlí, fuinneamh inathnuaithe, pleanáil teanga, Gaeilge, airgeadas, agus nuatheicneolaíocht.

Clár um Chúram Cliant

I gcomhréir le dea-chleachtas sa tSeirbhís Phoiblí, tá glactha ag Údarás na Gaeltachta le Cód Cleachtais i dtaca le Cúram Cliant. Tá an Chairt do Chliaint

Corporate Governance

Údarás na Gaeltachta is a corporate body established by the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, and it operates in accordance with the provisions of the Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 2010 under the aegis of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht. In addition to its own governing legislation, the agency is also required to comply with a range of other State and EU statutory and administrative requirements.

Staff

At the end of 2011 there were 95 persons employed in the organisation.

As the future of An tÚdarás was under consideration during the year, in particular in the context of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030, An tÚdarás was permitted to appoint an Interim Chief Executive for the year 2011. Discussions also continued in 2011 with the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht regarding the requirements for this and other key posts in the organisation.

Equality

Údarás na Gaeltachta is committed to a policy of equal opportunity and has developed an equality programme over the years. An tÚdarás continues to operate a number of schemes which provide staff with options in relation to meeting their career and personal needs, such as job sharing, career breaks and reduced working hours. During 2011, 19 staff availed of these schemes.

Within the constraints applying to the recruitment of staff in the Public Service in general, efforts are made to make suitable job opportunities available to people with disabilities.

The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005

In accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005, Údarás na Gaeltachta has a written safety statement and continues to implement appropriate measures to protect the safety and health of all employees and visitors at its places of business. An tÚdarás continuously reviews all safety statements to ensure compliance with the provisions of the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005.

During 2011 staff training in various areas of Health and Safety continued in order to ensure the organisation is fully compliant with legislation.

Staff Training and Development

The staff training and development programme continued in 2011. Members of staff attended a wide range of courses during the year which included day courses, diploma, degree and masters courses in business, management, law, renewable energy, language planning, the Irish language, finance and new technology.

Client Care Programme

In accordance with good practice in the Public Service, Údarás na Gaeltachta has adopted a Code of Practice for Quality Client Care. The Client Charter is displayed and available in Údarás offices and on its website www.

ar taispeáint agus ar fáil in oifigí an Údaráis agus ar a shuíomh idirlín www.udaras.ie. Mar chuid den Chód Cleachtais, tá nósmhaireacht maidir le gearáin a láimhseáil agus córas chun déileáil le gearáin fhoirmiúla faoi chaighdeán seirbhísí an Údaráis. Déantar achainíocha agus gearáin a fhiosrú agus a fhreagairt agus fadhbanna a chur ina gceart chomh fada agus is féidir é, de réir gnáthmhodhanna imeachta an Údaráis. Tá an tÚdarás ag leanúint de bhéim a chur ar sheirbhísí do chliaint a fheabhsú, agus chuige seo déantar modhanna imeachta a leasú agus a shocrú i scríbhinn de réir mar is cuí, chun seirbhís chomhsheasmhach a chinntiú.

Faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Páirc an Chrócaigh), tá plean gníomhaíochta deartha ag an Údarás chun tacú le caomhnú seirbhísí poiblí ardchaigheáin in am a bhfuil laghduithe suntasacha á ndéanamh ar acmhainní agus líon foirne. Tá plean gníomhaíochta an Údaráis mar aon le tuairiscí ar an dul chun cinn ar fáil le híoslódáil óna shuíomh idirlín.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

I gcomhréir leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, rinne comhaltaí de chuid an Bhoird agus baill foirne atá i bpost ainmnithe ráitis leasa de réir mar ba chuí. Baineann forálacha na nAchtanna leis na stiúrthóirí agus le bainisteoirí áirithe i bhfochuideachtaí an Údaráis ó 2009, agus rinne na daoine sin ráitis faoi na hAchtanna in 2011 freisin de réir mar ba chuí.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Tháinig Údarás na Gaeltachta faoi thionchar an Achta um Shaoráil Faisnéise ar 21 Eanáir 2001. I rith 2011 fuair an tÚdarás cúig iarratas ar thaifid. Níor iarradh aon athbhreithniú inmheánach.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007

D'fhonn éifeacht a thabhairt do Threoir 2003/4/ CE Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa maidir le rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, thug an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Rialacháin isteach in Éirinn le héifeacht ó 1 Bealtaine 2007.

Forálann na Rialacháin, dar teideal Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), I.R. 133 de 2007, nach foláir faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol atá ina sheilbh ag údarás poiblí ar nós Údarás na Gaeltachta, nó atá coinnithe ar a shon, a chur ar fáil ar iarratas do dhuine ar bith, faoi réir eisceachtaí áirithe. Tá córas i bhfeidhm ag an Údarás le freagairt do riachtanais na Rialachán.

Mar eagraíocht a bhíonn ag plé le forbairt thionsclaíoch agus fostaíochta agus le cur chun cinn forbairt pobail, cultúir agus teanga, tá maoin ghnó ag Údarás na Gaeltachta sna contaetha Gaeltachta ar fad, idir thalamh, fhoirgnimh, eastáit tionscail agus pháirceanna gnó. I measc na gcineálacha faisnéise a bhíonn ina sheilbh bíonn eolas faoi ionaid ghnó, eastáit agus pháirceanna gnó, cinn a bhfuil tionóntaí iontu san áireamh, eolas comhshaoil faoi thionscadail áirithe a dtugann an tÚdarás tacaíocht dóibh, staidéir tionchair imshaoil do chúrsaí pleanála, agus comhaid sláinte agus sábháilteachta. Ní athraíonn na Rialacháin seo na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus feidhmíonn siadsan go comhthreomhar leis na Rialacháin seo.

udaras.ie. The Code of Practice includes procedures for handling disputes and a system for dealing with formal complaints regarding the quality of An tÚdarás' service delivery. Normal procedures are followed for investigating and responding to representations and complaints and to correct any issues as they arise. An tÚdarás continues to place emphasis on improving services to its clients, and to that end procedures are amended and documented as appropriate, to ensure consistent delivery of service.

Under the Public Service Agreement (Croke Park Agreement), An tÚdarás has developed an action plan to support the maintenance of high quality public services in an environment where resources and staff numbers are being significantly reduced. The Údarás action plan and progress reports are available to download from its website.

The Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001

In accordance with the Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001 members of the Board of Údarás na Gaeltachta and staff holding designated positions completed statements of interests as appropriate. Since 2009 the provisions of these Acts apply to the directors and certain managers in the Údarás subsidiaries, who also completed statements in 2011as appropriate.

Freedom of Information Acts, 1997 and 2003

Údarás na Gaeltachta was brought under the provisions of the Freedom of Information Act on 21 January 2001. During 2011, An tÚdarás received five requests. There were no requests for internal review.

European Communities (Access to Information on the Environment) Regulations 2007

With a view to giving effect to Directive 2003/4/EC of the European Parliament and Council on public access to environmental information, the Minister for the Environment, Heritage and Local Government introduced Regulations in Ireland with effect from 1st May 2007.

The Regulations, entitled the European Communities (Access to Information on the Environment) Regulations, S.I. 133 of 2007, provide that, subject to certain exceptions, information relating to the environment held by, or for, a public authority such as Údarás na Gaeltachta must be made available on request to any person. An tÚdarás has a system in place to meet the requirements of these Regulations.

As an organisation dealing with industrial and employment promotion and with community, language and cultural development, Údarás na Gaeltachta has property portfolios in each of the Gaeltacht counties, including land, buildings, industrial estates and business parks. Among the types of information it holds are information on business premises, estates and business parks, including properties let to tenants, environmental information on certain projects supported by An tÚdarás, environmental impact studies for planning purposes and health and safety files. The Freedom of Information Acts are not affected and they continue to operate in parallel with these Regulations.

An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá modhanna imeachta leagtha síos ag an Údarás lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tuairiscíonn an Cathaoirleach dá réir gach bliain i dTuarascáil chuig an Aire.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Baineann an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm 7 Lúnasa 2002, leis an Údarás. Is é beartas an Údaráis a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras, faoi réir dóthain cistí a bheith ar fáil. Tá forálacha sonracha i bhfeidhm a thugann deis gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí faoina ndáta dlite. Déantar tuairisc ar shonraisc ar bhonn laethúil agus déantar íocaíochtaí seachtainiúla lena chinntiú go ndéantar íocaíocht phras. Tá na forálacha seo deartha chun deimhniú réasúnta, cé nach deimhniú cinnte é, a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

De bhun cinneadh Rialtais, is gá d'eagraíochtaí Stáit neamhthráchtála, Údarás na Gaeltachta san áireamh, cloí le treoracha nua faoina n-íoctar soláthraithe laistigh de 15 lá ó fhaightear sonrasc bailí uathu ó 1 Iúil 2011. Foilsítear eolas ráithiúil ar chur i bhfeidhm an chinnidh seo ar shuíomh idirlín an Údaráis www.udaras.ie. Seo a leanas achoimre den eolas sin do na sé mhí go 31 Nollaig 2011:

Sonraí	Uimhir	Luach (€)	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí déanta
Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá	2,137	2,899,604.31	74.10%
Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh de 16 agus 30 lá	498	449,144.34	17.27%
Líon na n-íocaíochtaí déanta sa bhreis ar 30 lá	249	268,078.76	8.63%
Líon íocaíochtaí sa tréimhse	2,884	3,616,827.41	**100%**
[1]Sonraisc Chonspóideacha			**Ní Bhaineann**

[1] Sonraisc faighte i rith na tréimhse agus a bhí fós faoi chonspóid ag deireadh na tréimhse.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Baineann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a síníodh ina dhlí ar 14 Iúil 2003 leis an Údarás. Cloíonn an tÚdarás le forálacha an Achta sin.

Code of Practice for the Governance of State Bodies

Údarás na Gaeltachta has put in place procedures to ensure that it fully complies with the Code of Practice for the Governance of State Bodies. The Cathaoirleach reports accordingly each year in a report to the Minister.

Prompt Payment of Accounts Act, 1997

Údarás na Gaeltachta comes under the remit of the Prompt Payment of Accounts Act, 1997, which came into effect on 2nd January 1998, and the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002, which came into effect on 7th August 2002. It is the policy of Údarás na Gaeltachta to ensure that all invoices are paid promptly, subject to sufficient funds being available.

Specific provisions are in place to enable all invoices to be tracked and to ensure that payments are made by their due date. Invoices are logged daily and weekly payment runs are carried out to ensure prompt payment. These controls are designed to provide reasonable, though not absolute assurance against non-compliance with the Act and Regulations.

From 1 July 2011, in accordance with a Government Decision non-commercial State agencies, including Údarás na Gaeltachta, are obliged to pay suppliers within 15 days of receipt of a valid invoice. Quarterly reports are published on the Údarás website www.udaras.ie on the implementation of the decision. The following is a summary of that information for the six months to 31 December 2011:

Details	Number	Value (€)	Percentage (%) of total payments made
Number of payments made within 15 days	2,137	2,899,604.31	74.10%
Number of payments made within 16 to 30 days	498	449,144.34	17.27%
Number of payments made in excess of 30 days	249	268,078.76	8.63%
Total payments made in period	2,884	3,616,827.41	**100%**
[1]Disputed Invoices			**N/A**

[1]Invoices received during the quarter and still under dispute at the end of the quarter.

Official Languages Act 2003

Údarás na Gaeltachta comes under the remit of the Official Languages Act 2003 which was signed into law on 14th July 2003. An tÚdarás complies with the provisions of the Act.

Fuinneamh agus Comhshaol

Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh sa bhliain 2011

Is iad na príomh-úsáideoirí fuinnimh in Údarás na Gaeltachta ná oifigí na bhForbacha a úsáideann 79.1%, oifig Ghaoth Dobhair ag úsáid 14.9% agus oifig an Daingin ag úsáid 6%. In iomlán, úsáidtear 62.1% den fhuinneamh i gcomhair teasa, aerchóiriú agus uisce te. Úsáideann soilsiú agus trealamh oifige 35.2% agus cócaireacht 2.7%.

In 2011, d'úsáid Údarás na Gaeltachta 887,157KWh d'fhuinneamh, sin ardú 5% ar an mbliain roimhe sin, agus bhí sin amhlaidh mar gur úsáideadh 48,000kWh d'fhuinneamh chun spás nua oifige 'deasc te' a théamh. Úsáideadh fuinneamh mar seo a leanas:

- 336,831KWh de leictreachas;
- 550,326KWh de bhreosla iontaise ar a n-áirítear 26,192KWh de ghás peitriliam leachtach.

Gníomhartha a glacadh in 2011

Le linn 2011, ghlac Údarás na Gaeltachta réimse de thionscnaimh ar láimh le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú:

- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar úsáid fuinnimh i dtrí fhoirgneamh de chuid na foirne;
- Cuireadh cúititheoir aimsire i bhfeidhm ar an gcóras teasa in oifig Ghaoth Dobhair agus rinneadh sábháil bhliantúil de 6,635KWh ar fhuinneamh teasa;
- Cuireadh feabhas ar na séalaí timpeall na ndoirse agus na bhfuinneog san Ardoifig;
- Cuireadh lampaí tíosach ar fhuinneamh ar na crainn sholais sna trí oifig;
- Cuireadh i gcrích an chéad chéim den nós imeachta soláthair le coire bithmhaise a chur isteach in ionad an choire olabhreoslaithe san Ardoifig;
- Rinneadh laghdú bliantúil suntasach de 2,708KWh ar úsáid gás peitriliam leachtaithe (LPG) in oifig an Daingin;
- Tá úsáid leictreachais in dhá oifig tite 4% ar an meán le titim ollmhór 40% ar úsáid leictreachais in Oifig Ghaoth Dobhair.

Gníomhartha atá beartaithe do 2012

Le linn 2012, tá sé beartaithe ag Údarás na Gaeltachta breis feabhais a chur ar fheidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Monatóireacht leanúnach ar úsáid fuinnimh i dtrí oifig atá in úsáid ag foireann an Údaráis agus gníomhartha ceartaitheacha sa chás is go dtabharfar ardú faoi deara san úsáid;

Energy and Environment

Overview of energy usage in 2011

The main energy users at Údarás na Gaeltachta are the offices in Na Forbacha which uses 79.1% of consumption, Gaoth Dobhair office using 14.9% and An Daingean using 6% of consumption. A total of 62.1% of the energy consumed is attributed to space heating, air conditioning and domestic hot water. Lighting and office equipment account for 35.2% while catering represents 2.7% of consumption.

In 2011 Údarás na Gaeltachta consumed 887,157KWh of energy which showed a marginal increase of 0.5% over the previous year attributed mostly to an additional annual heat energy load of 48,000 KWh for a new hot-desk area. The total energy consumed consisted of:

- 336,831KWh of electricity;
- 550,326KWh of fossil fuel which included 26,192KWh of LPG.

Energy saving actions undertaken in 2011

In 2011 Údarás na Gaeltachta undertook a range of initiatives to improve energy performance, including:

- The continuous monitoring of energy use in three staff occupied buildings;
- The installation of weather compensation devices to a heating system at our Gaoth Dobhair office resulting in an annual saving in heat energy of 6,635KWh;
- The improvement of window and door seals at Head office;
- The replacement of energy efficient lamps to luminaries throughout the three offices;
- The completion of the first stage procurement procedure for the installation of a biomass boiler to replace the existing oil fired boiler at Head office;
- A substantial annual reduction of 2,708KWh of LPG usage was achieved at the office in An Daingean;
- On average electricity consumption within two of our offices has continued to drop by an average of 4% with a massive drop of 40% shown for our Gaoth Dobhair office.

Actions planned for 2012

In 2012, Údarás na Gaeltachta intends to further improve its energy performance by undertaking the following initiatives:

- The continuous monitoring of energy consumption in three Údarás na Gaeltachta offices and corrective actions where spikes in usage are detected;

- Na hoifigí go léir a fheistiú le soilsiú tíosach ar fhuinneamh;
- Coire bithmhaise slisadhmaid nua agus níos éifeachtaí a chur isteach san Ardoifig in ionad an choire olabhreoslaithe 700KWh atá ann faoi láthair. Táthar ag súil leis an obair a bheith curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana. Chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun caillteanas as na píopaí seachtracha a laghdú, tógfar amach na píopaí teasa seachtracha atá ann agus cuirfear isteach córas píopaí téamh ceantair inslite. Cuirfear isteach córas nua bainistíochta fuinnimh chomh maith.

Fostaíocht agus Íocaíochtaí

Foilsíonn an tÚdarás aguisín lena Thuarascáil Bhliantúil ina bhfuil táblaí le sonraí fostaíochta de réir contae, agus ina dtaispeántar íocaíochtaí a rinne sé le gnóthais éagsúla. Cuirtear an t-aguisín sin ar shuíomh idirlín an Údaráis www.udaras.ie agus cuirtear ar fáil é ar iarratas.

- Proceed with the installation of energy efficient lighting within all offices;
- The existing 700 KWh oil fired boiler at Head office will be replaced with a new and more efficient biomass woodchip boiler. It is our intention to have this work completed by the end of the year. All external heating piping will be replaced with a zoned factory insulated district heating pipe system to help improve efficiency and reduce external pipe losses. The installation will include a new energy management system.

Employment and Payments

Údarás na Gaeltachta publishes an appendix to its Annual Report, comprising tables with employment detailed by county, and payments made by An tÚdarás to individual businesses. This appendix is placed on the Údarás website www.udaras.ie and is available on request.

Údarás na Gaeltachta

Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2011

Annual Financial Statements 2011

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Údarás na Gaeltachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 iniúchta agam faoin Acht um Údarás na Gaeltachta 1979. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Polasaithe Chuntasaíochta, an Cuntas Oibríoch, an Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is í an chreatlach thuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú ná dlí oiriúnach agus Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom maidir leis an riocht ghnóthaí Údaráis na Gaeltachta agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht a n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu i gcomhréir le dlí oiriúnach.

Déantar m'iniúchadh faoi réir na dtosca speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar Ráitis Airgeadais

Cumhdaíonn iniúchadh faisnéis a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais, an leor iad chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha cibé calaois nó earráid is cúis leis sin. Clúdaíonn sé seo measúnú faoi

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí do thosca Údarás na Gaeltachta, agus gur cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus gur nochtaíodh iad go leormhaith
- a réasúnta is a bhí na meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- tíolacadh foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin chun fianaise a fháil le linn an iniúchta maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagann aon mhí-ráitis nó neamhréireachtaí fhollasacha ábhartha chun m'aird breithním na himpleachtaí do mo thuairisciú.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí i gcomhréir le Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leo go Coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom maidir le riocht ghnóthaí Údaráis na Gaeltachta ar 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas

I have audited the financial statements of Údarás na Gaeltachta for the year ended 31 December 2011 under the Údarás na Gaeltachta Act, 1979. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the Accounting Policies, the Operating Account, the Statement of Total Recognised Gains and Losses, the Balance Sheet, the Cash Flow Statement and the related notes. The financial reporting framework that has been applied in their preparation is applicable law and Generally Accepted Accounting Practice in Ireland.

Responsibilities of the Members of An tÚdarás

The Members of An tÚdarás are responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of Údarás na Gaeltachta's affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to state bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of Audit of the Financial Statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policiies are appropriate to Údarás na Gaeltachta's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read all the financial and non-financial information in the Annual Report to identify material inconsistencies with the audited financial statements. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies I consider the implications for my report.

Opinion on the Financial Statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with Generally Accepted Accounting Practice in Ireland, give a true and fair view of the state of Údarás na Gaeltachta's affairs at 31 December 2011 and of its income and expenditure for the ear then ended.

Is é mo thuairim, go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Údarás na Gaeltachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a Thuairiscím le hEisceacht

Tuairiscím le heisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- má bhí aon chás ábhartha ann nár úsáideadh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ar intinn nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- nuair nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil don bhliain gur ina leith a ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na ráiteas airgeadais, nó
- nuair nach léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach géilliúlacht an Údaráis don Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an dóigh inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin faoina ndéantar tuairisc le heisceacht.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
29 Meitheamh 2012

In my opinion, proper books of account have been kept by Údarás na Gaeltachta. The financial statements are in agreement with the books of account.

Matters on which I report by exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- My audit noted any material instance where moneys have not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- The information given in Údarás na Gaeltachta's Annual Report for the year for which the financial statements are prepared is not consistent with the financial statements, or
- The Statement on Internal Financial Control does not reflect Údarás na Gaeltachta's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Ráiteas ar Dhualgais an Bhoird

De réir Alt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 ní mór don Údarás ráitis airgeadais a réiteach in cibé leagan a aontaíonn an tAire, le comhaontú ón Aire Airgeadais. Agus iad ag réiteach na ráiteas seo, ní mór don Údarás:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnótha leantaigh, ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord air ag feidhmiú;
- neamhchomhlíonadh ábhartha aon chleachtais chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá dualgas ar an mBord cuntais chearta a thugann léargas de chruinneas réasúnach ar stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go n-aontaíonn na ráitis le hAlt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, a choimeád. Tá dualgas ar an mBord chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bharr sin, gach ní atá réasúnta a dhéanamh chun aon chalaois nó aon ghnóthaí cama a chosc agus a thabhairt faoi deara.



Liam Ó Cuinneagáin
Cathaoirleach



Ian Mac Aindriú
Comhalta

Statement of the Board's Responsibilities

Section 18 (1) of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979 requires An tÚdarás to prepare financial statements in such form as may be approved by the Minister, with the concurrence of the Minister for Finance. In preparing those financial statements, An tÚdarás is required to:

- select suitable accounting policies and then apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent;
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Údarás will continue in operation;
- disclose and explain any material departures from applicable accounting standards.

The Board is responsible for keeping proper accounting records which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the company, and to enable it to ensure that the financial statements comply with Section 18 (1) of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979. The Board is also responsible for safeguarding the assets of the company and hence for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

Dáta: 28 Meitheamh 2012

Ráiteas Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Údarás na Gaeltachta admhaím an fhreagracht atá orainn maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á oibriú agus á choinneáil.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach agus ní cinnteacht iomlán a thabhairt go mbeidh cosaint ag sócmhainní, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus á dtaifeadadh go cuí, agus go seachnaítear neamhrialtachtaí nó earráidí ábhair nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Ghlac an Bord céimeanna chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm trí:

- Shainmhíniú soiléir a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí bainistíochta;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Chultúr freagrachta a fhorbairt feadh gach leibhéal de chuid na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Chineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais rioscaí a bhaineann leis an gcomhlacht a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a bhreithnítear a bheith inghlactha;
- Mheasúnacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Údarás na Gaeltachta agus go bhfuil tacaíocht ann do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn agus a athbhreithníonn Bord Údarás na Gaeltachta;
- Athbhreithnithe rialta ag Bord Údarás na Gaeltachta ar thuairiscí airgeadais bhliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí;
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil a bhíonn sainithe go soiléir;
- Disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal.

Statement on Internal Financial Control

On behalf of the Board of Údarás na Gaeltachta, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal financial control is maintained and operated.

The system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

The Board has taken steps to ensure an appropriate control environment is in place by:

- Clearly defining management responsibilities and powers;
- Establishing formal procedures for monitoring the activities and safeguarding the assets of the organisation;
- Developing a culture of accountability across all levels of the organisation.

The Board has established processes to identify and evaluate business risks by:

- Identifying the nature, extent and financial implication of risks facing the body including the extent and categories which it regards as acceptable;
- Assessing the likelihood of identified risks occurring;
- Working closely with Government and various agencies to ensure that there is a clear understanding of Údarás na Gaeltachta's goals and support for the strategies to achieve those goals.

The system of internal financial control is based on a framework of regular management information, administration procedures including segregation of duties, and a system of delegation and accountability. In particular it includes:

- A comprehensive budgeting system with an annual budget which is reviewed and agreed by the Board of Údarás na Gaeltachta;
- Regular reviews by the Board of Údarás na Gaeltachta of periodic and annual financial reports which indicate financial performance against forecasts;
- Setting targets to measure financial and other performance;
- Clearly defined capital investment control guidelines;
- Formal project management disciplines.

Tá Seirbhís Iniúchta Inmheánaigh á soláthar don Údarás de réir an Chóid Fhrámaíochta um Scothcleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann obair na Seirbhíse sin san áireamh an anailís a dhéantar ar rioscaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar an eagraíocht agus bunaítear pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúchta anailís na rioscaí agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Ar a laghad uair amháin sa bhliain cuireann an tSeirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí tuairisc ar fáil don Choiste Iniúchta ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Áirítear sa tuairisc sin tuairim na Seirbhíse ar éifeachtacht agus ar leordhóthanacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Bíonn obair na Seirbhíse Iniúchóireachta Inmheánaí, An Choiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair na Seirbhíse sin, bhainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Údarás na Gaeltachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat oibre rialaithe airgeadais, agus ráitis arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa litir bhainistíochta, mar bhonn eolais don Bhord agus é ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2011.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

An Internal Audit Service is provided to Údaras na Gaeltachta which operates in accordance with the Framework Code of Best Practice set out in the Code of Practice on the Governance of State Bodies. The work of that Service is informed by analysis of the risk to which the body is exposed, and annual internal audit plans are based on this analysis. The analysis of risk and the internal audit plans are endorsed by the Audit Committee. At least annually, the Internal Audit Service provides the Audit Committee with a report of internal audit activity. The report reflects the opinion of the Internal Audit Service on the adequacy and effectiveness of the system of internal financial control.

The Board's monitoring and review of the effectiveness of the system of internal financial control is informed by the work of the Internal Audit Service, the Audit Committee which oversees the work of that Service, the executive managers within Údarás na Gaeltachta who have responsibility for the development and maintenance of the financial control framework and comments made by the Comptroller and Auditor General in the management letter.

I confirm that the Board carried out a review of the effectiveness of the system of internal financial controls in operation during 2011.

Signed on behalf of the Board



Liam Ó Cuinneagáin
Cathaoirleach

Dáta: 28 Meitheamh 2012

Polasaithe Cuntasaíochta

An tAcht um Údarás na Gaeltachta, 1979

